Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2020
(OR. en)

9424/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0047(COD)

CODEC 599
ECOFIN 568
EF 134

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 8 Márta 2018, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 53(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 1 Iúil 2018[2].

3. Chuathas i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Márta 2019[3].

[1] 7048/18.
[2] IO C 367, 10.10.2018, lch. 65.
[3] 7926/19.

5. An 20 Bealtaine 2020, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe comhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an dréacht-Treoir thuasluaite[4].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, a leagtar amach in 6799/20, agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 6799/20 ADD 1, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ostair ag vótáil ina choinne;

– a chinneadh go gcuirfear an ráiteas atá in Aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

---

[4] I gcomhréir le litir dar dáta an 12 Bealtaine 2020, ó Chathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta chuig cathaoirleach COREPER, ba chóir do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.